Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Lúnasa 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0177(NLE)**

**10306/20**
**ADD 1**

**WTO 142**
**UD 158**
**COASI 100**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 376 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Prótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 376 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2020) 376 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.8.2020
COM(2020) 376 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Custaim arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Prótacal a bhaineann leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

**MOLADH UIMH. 1/2020 DE XXX 2020**

**DEN CHOISTE CUSTAIM DEN CHOMHAONTÚ SAORTHRÁDÁLA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÓIRÉ, DEN PHÁIRT EILE**

**maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 27 den Phrótacal maidir leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

**TÁ AN COISTE CUSTAIM,**

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, go háirithe Airteagal 15.2(1)(c) agus Airteagal 6.16(5) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le hAirteagal 27 de Phrótacal an Chomhaontaithe maidir leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta) an nós imeachta lena ndéantar cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú agus go háirithe cúraimí agus freagrachtaí údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin agus an Pháirtí onnmhairiúcháin de.

(2) Shainaithin an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta) an gá atá le comhthuiscint ar phríomhghnéithe an nós imeachta fíorúcháin a leagadh síos in Airteagal 27 den Phrótacal maidir leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin agus ar chéimeanna difriúla sa nós imeachta sin. Ba cheart go mbeadh comhthuiscint dá leithéid chun leas na n-údarás custaim a bheidh i gceannas ar chomhlíonadh rialacha tionscnaimh a áirithiú agus ar chóir chomhionann na n-oibreoirí eacnamaíocha de réir fíorúcháin i ngach Páirtí.

(3) Le hAirteagal 6.16(5) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Choiste Custaim moltaí a fhoirmiú, moltaí a mheasann sé a bheith riachtanach chun go mbainfear amach na cuspóirí comhchoiteanna agus chun go bhfeidhmeoidh na sásraí a bunaíodh sa Phrótacal go fónta. Shainaithin na Páirtithe gurbh iomchuí go bhfoirmeodh an Coiste Custaim moladh den sórt sin le haghaidh chomhthuiscint agus chun cur chun feidhme fónta na bhforálacha a leagadh síos in Airteagal 27 den Phrótacal.

**AG MOLADH:**

## 1. Príomhghnéithe den nós imeachta fíorúcháin

(1) Bíonn dhá rud i gceist le príomhghnéithe nós imeachta fíorúcháin Airteagal 27: córas ar a dtugtar "fíorúchán indíreach" atá ann agus tá sé bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe.

(2) Is é is ciall le "fíorúchán indíreach" nach iad na húdaráis chustaim féin a dhéanann an fíorúchán ach go seolann siad iarratas fíorúcháin chuig údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin agus is iad na húdaráis sin a dhéanann an fíorúchán trí theagmháil a dhéanamh leis an onnmhaireoir. Déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin toradh an fhíorúcháin a tharchur chuig údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin. Is é atá mar bhonn leis seo gurb iad údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin, ina ndéantar an cruthúnas ar thionscnaimh (dearbhú tionscnaimh), is fearr a fhíoróidh an cruthúnas sin mar gheall ar a ngaireacht don onnmhaireoir (eolas ar ghníomhaíochtaí an onnmhaireora agus a stair, éascaíocht rochtana ar an bhfaisnéis, cur amach ar an gcóras náisiúnta cuntasaíochta, gan aon teorainn teanga a bheith ann). Dá bhrí sin, is faoi údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin go príomha a chinneadh an táirgí tionscnaimh iad nó nach ea, de réir na rialacha tionscnaimh is infheidhme.

(3) Déanfar "cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú" bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe. Tugann "muinín fhrithpháirteach" le tuiscint gur cheart go ndéanfadh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin fíorúchán ar na saincheisteanna a chuir údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin isteach, agus torthaí an fhíorúcháin a chur in iúl d'údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin, a bhraitheann ar thorthaí na hoibre a dhéanann údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin. Mar sin féin, tá sé de cheart ag údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin tuilleadh faisnéise a iarraidh ón bPáirtí onnmhairiúcháin má mheasann siad nach leor an freagra nó nach gceadaíonn sé tuiscint ar an seasamh a chuir an Páirtí onnmhairiúcháin in iúl. Déanfar na sonraí ar féidir leis an bPáirtí allmhairiúcháin faisnéis ina dtaobh a iarraidh ón bPáirtí onnmhairiúcháin a fhorbairt a thuilleadh faoi rannóga 2.4.2 (Torthaí agus Fíorais) agus 2.4.3 (Faisnéis Leordhóthanach).

## 2. Céimeanna difriúla i nós imeacht an fhíorúcháin

### 2.1. Iarraidh ar fhíorúchán a sheoladh

(4) Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin iarraidh ar fhíorúchán iardain ar chruthúnais ar thionscnamh a sheoladh nuair a bhíonn amhras réasúnta orthu maidir le:

- barántúlacht na ndoiciméad. Sampla: amhras an é atá sa sonrasc ina bhfuil an dearbhú tionscnaimh sonrasc bréige a chum an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir ar mhaithe le leas a bhaint as tionscnamh fabhrach;

- stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann. Sampla: amhras an gcomhlíonann na táirgí critéir a dtugtar stádas tionscnaimh dá mbarr in Iarscríbhinn II den Phrótacal (na Rialacha Táirgeshonracha);

  nó

- riachtanais eile an Phrótacail a bhaineann le cruthúnais ar thionscnamh a chomhlíonadh. Sampla: amhras an raibh nó an bhfuil go fóill stádas an onnmhaireora fhormheasta ag an allmhaireoir.

(5) De bhreis ar chás ina bhfuil amhras réasúnta ann maidir leis na gnéithe thuasluaite, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann iarraidh ar fhíorúchán a sheoladh i gcásanna a roghnófar ar bhonn randamach. Cumhdaíonn sé seo na cásanna sin nach dtiteann laistigh de raon feidhme na dtrí ghné thuasluaite a chumhdaítear leis an amhras réasúnta.

## 2.2. Iarraidh ar fhíorúchán a sheoladh

(6) Ba cheart d’údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin an iarraidh ar fhíorúchán a sheoladh chuig údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin atá freagrach as cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú. Léireoidh an iarraidh an ar bhonn randamach a sheolfar an iarraidh nó ar fhorais amhras réasúnta. Foráiltear in Airteagal 27 mír 3 go léireodh an iarraidh, i gcás inarb iomchuí, an chúis leis an bhfiosrúchán.

(7) Trí chúiseanna an fhíoraithe a léiriú, cuirfear ar chumas údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin déileáil leis an iarraidh ar an dóigh is éifeachtúla i dtéarmaí costais agus ualach riaracháin.

(8) Ar an taobh eile, má iarrann údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin fiosrúchán randamach, ní gá dóibh cúis a thabhairt leis an bhfiosrú.

(9) I gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 2, áfach, ba cheart na cruthúnais ar thionscnamh nó cóip de na cáipéisí seo a sheoladh chuig údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin.

## 2.3. Fíorúchán a Fhorghníomhú

(10) Faoi scéim an fhíorúcháin indírigh, is faoi fhreagracht údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin atá sé fíorú a dhéanamh ar chruthúnais ar thionscnamh a rinne onnmhaireoirí sa Pháirtí onnmhairiúcháin. Mar sin féin, le

cur i bhfeidhm Mhír 8 d'Airteagal 27 (féach 2.9, Fiosrúchán Comhpháirteach, chun tuilleadh sonraí a fháil), féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin, faoi roinnt coinníollacha, a bheith bainteach leis an nós imeachta fíorúcháin i gcríoch an Pháirtí onnmhairiúcháin.

(11) I gcás gurb é an t-allmhaireoir a sholathraíonn fíorúchán ar chruthúnais ar thionscnamh, is iad údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin a sheolfadh iarraidh ar fhíorúchán chuig údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin. Ní iarrfadh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin ar an allmhaireoir féin an fhaisnéis a sonraíodh i míreanna 2.4.2 agus 2.4.3 a bhailiú.

(12) Thairis sin, ní fhoráiltear le forálacha Airteagal 27 gur féidir le húdaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin a chur de cheangal go díreach ar onnmhaireoirí sonraí nó faisnéis a sholáthar dóibh.

(13) Mar sin féin, ní chuireann na forálacha sin bac ar allmhaireoirí ná ar onnmhaireoirí an dá pháirtí, de chomhthoil agus ar bhonn deonach, sonraí nó faisnéis a roinnt le chéile agus a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin. Níl sé éigeantach sonraí den sórt sin a mhalartú ná a chur isteach agus níl aon diúltú ar fhaisnéis a sholáthar ina chúis le deonadh na córa fabhraí a dhiúltú gan fíorúchán a sholáthar. Níl sé ina chuid den nós imeachta fíorúcháin.

(14) Ní ghlacfar le fianaise ar iompar díreach a tíolacadh i ndáil le hAirteagal 13 mar chruthúnais ar thionscnamh agus mar sin ní bhaineann fíorúchán ar chruthúnais ar thionscnamh in Airteagal 27 leis.

## 2.4. Cóireáil ar Thorthaí an fhíorúcháin

(15) Chuirfeadh údaráis Chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin ar an eolas maidir le torthaí an fhíorúcháin, lena n-áirítear torthaí agus fíorais, chomh luath agus is féidir. Go háirithe, ba cheart d'údaráis Chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin an t-aga freagartha i ndáil le hiarrataí fíorúcháin lena mbaineann bailíocht stádas onnmhaireora formheasta a laghdú a mhéid is féidir.

### 2.4.1. Modhanna cumarsáide cúnta

(16) Is tríd an ngnáthphost a sheolfadh údaráis chustaim an dá Pháirtí iarrataí ar fhíorúchán agus fógraí thorthaí na n-iarrataí sin eatarthu. I gcomhthráth, féadfaidh údaráis chustaim an dá Pháirtí leas a bhaint as modhanna cúnta amhail ríomhphost chun cumarsáid mhear a dhéanamh agus lena chinntiú go mbainfidh na hiarrataí nó na freagraí amach an seolaí sa Pháirtí ceart.

### 2.4.2. Torthaí agus fíorais

(17) Ciallaíonn “torthaí agus fíorais” go mbeadh roinnt sonraí faoin nós imeachta fíorúcháin a d’fhorghníomhaigh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin ag gabháil leis an bhfreagra ar an nós imeachta fíorúcháin a sholáthair siad. Tá raon feidhme “torthaí agus fíorais” teoranta do na gnéithe seo a leanas:

- an cinneadh maidir le barántúlacht na ndoiciméad, stádas tionscnaimh na dtáirgí atá i gceist, nó comhlíonadh riachtanas eile an Phrótacail;
- cur síos ar an táirge faoi réir scrúdúcháin agus an t-aicmiú taraife a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialach tionscnaimh;

agus

- faisnéis ar an dóigh inar tugadh faoin scrúdú a dhéanamh (cén uair agus conas).

### 2.4.3. Faisnéis leordhóthanach

(18) I gcás fíorúchán randamach, ní iarrfaidh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairithe níos mó faisnéise ná mar a liostaítear faoi phointe 2.4.2 (torthaí agus fíorais) ar údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin.

(19) I gcás fíorúchán ar fhorais amhras réasúnta, má mheasann údaráis inniúla an Pháirtí allmhairiúcháin nach leor an fhaisnéis a sholáthair údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin chun barántúlacht na ndoiciméad a chinneadh nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, féadfaidh údaráis an Pháirtí allmhairiúcháin tuilleadh faisnéise a iarraidh ó údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin. Ní fhéadfaidh an tuilleadh faisnéise a iarradh dul thar an liosta seo a leanas:

- I gcás ina raibh an critéar tionscnaimh “faighte go hiomlán”, an catagóir is infheidhme (amhail buainte, mianadóireacht, iascaireacht , agus láthair táirgthe);
- I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar mhodh luacha, luach an táirge deiridh chomh maith le luach gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh sa táirgeadh;
- I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar athruithe san aicmiú taraife, liosta gach ábhar neamhthionscnaimh lena n-áirítear a n-aicmiú taraife (i bhformáid dhá dhigit, ceithre dhigit, nó sé dhigit, ag brath ar an gcritéar tionscnaimh);
- I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar mheáchan, ar mheáchan an táirge deiridh chomh maith le meáchan ábhair neamhthionscnaimh ábhartha a úsáideadh sa táirge deiridh;

- I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar oibríocht ar leith, cur síos ar an oibríocht ar leith a thug tionscnamh don táirge sonrach sin; agus

- I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm an riail lamháltais, luach nó meáchan na dtáirgí deireanacha agus luach nó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh i dtáirgeadh na dtáirgí deireanacha.

(20) Mura dtugann freagra an fhaisnéis leordhóthanach thuasluaite chun go gcinnfeadh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin barántúlacht na ndoiciméad atá i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí, diúltóidh na húdaráis chustaim teidlíocht tosaíochta, seachas i gcúinsí eisceachtúla (Féach roinn 2.7. ar Chúinsí Eisceachtúla).

(21) Ní tharchuirfidh údaráis chustaim an Páirtí onnmhairiúcháin chuig údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin faisnéis rúnda ar mheas an t-onnmhaireoir go gcuirfeadh a nochtadh a leasanna trádála i mbaol. Ní féidir neamhnochtadh faisnéis rúnda a mheas mar an t-aon chúis chun go ndiúltódh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin teidlíocht tosaíochta, ar choinníoll go gcuirfeadh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin cúiseanna ar fáil gan faisnéis rúnda a tharchur agus stádas tionscnaimh an earra a chruthú, chun sástachta údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin.

## 2.5. Sprioc-am le freagra a thabhairt ar iarraidh ar fhíoruchán

(22) Leagtar amach in Airteagal 27 mír 6 nach mór tórthaí an fhíorúchán a chur in iúl chomh luath agus is féidir.

(23) Foráiltear in Airteagal 27 mír 7 gur cheart don Pháirtí allmhairiúcháin, i bprionsabal, teidlíocht tosaíochta a dhiúltú, sa chás go gcomhlíontar dhá choinníoll i gcomhthráth:

- go ndearnadh an iarraidh ar fhíorúchán bunaithe ar amhras réasúnta;

  agus

- nach bhfaightear freagra laistigh de deich mí ó dháta na hiarrata fíorúcháin nó ní thugann an freagra faisnéis leordhóthanach chun barántúlacht an doiciméid atá i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh.

(24) Tugann an fhoráil le fios nach féidir leis an bPáirtí allmhairiúcháin an teidlíocht tosaíochta a dhiúltú gan freagra ón bPáirtí onnmhairiúcháin sna cásanna sin a roghnaíodh ar bhonn randamach le haghaidh fíorúcháin.

### 2.5.1. Sprioc-am i gcás fíorúchán randamach

(25) Déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin a ndícheall freagra a thabhairt ar fhíorúcháin randamacha laistigh de sprioc-am 12 mí. Mar sin féin, de bharr nach sainíonn Airteagal 27 sprioc-am d’fhíorúcháin

randamacha, ní dhiúltóidh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin an tosaíocht ar an gcúis amháin nár fhreagair údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin laistigh de sprioc-am 12 mí ar iarraidh ar fhíorúchán ar bhonn randamach.

#### 2.5.2. Sprioc-am i gcás fíorúcháin le hamhras réasúnta

(26) I gcásanna a roghnaíodh le hamhras réasúnta, diúltóidh an Páirtí teidlíocht tosaíocht nuair nach mbíonn freagra laistigh de deich mí ó dháta na hiarratas fíorúcháin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

### 2.6. Aisiompú na dtorthaí

(27) Is féidir le húdaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin torthaí an fhíorúcháin a aisiompú i gcásanna eisceachtúla. Déanfar aisiompú an bhunfhreagra laistigh de deich mí ó dháta na hiarrata fíorúcháin.

### 2.7. Cúinsí eisceachtúla

(28) Mar sin féin, fiú má chomhlíontar an dá choinníoll thuasluaite chun teidlíocht tosaíochta a dhiúltú, leagtar amach i dtéacs Airteagal 27 mír 7 go bhfuil deonadh na córa fabhraí fós indéanta ar bhonn an chlásail na "gcúinsí eisceachtúla".

(29) Go deimhin, is faoin bPáirtí allmhairiúcháin breithiúnas a thabhairt go bhfuil cúinsí eisceachtúla a thugann údar cuí le gan diúltú don teidlíocht tosaíochta dá réir sin.

(30) Áirítear orthu sin go háirithe na cásanna seo a leanas:

- Ní féidir leis an bPáirtí onnmhairiúcháin freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhíorúchán a chuir an Páirtí allmhairiúcháin isteach i gcás:

  a) timpistí nach mbeadh an t-onnmhaireoir ag súil leis le réasún amhail tine, tuilte nó tubaistí nádúrtha eile, nó cogadh, círéib, sceimhle, stailc agus dá réir, a raibh mar thoradh orthu cailleadh páirteach nó cailleadh iomlán doiciméad tacaíochta tionscnaimh nó moill i dtíolacadh na ndoiciméad sin.; nó

  b) moill ar an bhfreagra de dheasca údair nach raibh aon smacht orthu amhail nós imeachta achomhairc riaracháin nó breithiúnach i gcomhréir le dlíthe an Pháirtí agus rialacháin cé go ndearna údaráis chustaim an Pháirtí a ndícheall cuí agus oibleagáidí faoin bPrótacal sin á gcomhlíonadh acu.

- Fuarthas amach nár bhain an iarraidh nó an freagra ar an iarraidh ceann scríbe de dheasca botúin a rinne na húdaráis lena mbaineann;

- Theip ar sheoladh na hiarrata nó ar sheoladh an fhreagra ar an iarraidh ar fhíorúchán de dheasca fadhbanna sna cainéil chumarsáide (e.g. athrú seolfaidh an té i gceann ar an bhfíorúchán, aisiompú poist mar gheall ar bhotúin chléireachais na n-údarás poist, etc.).

## 2.8. Meabhrúchán

(31) Nuair bhfuarthas fós freagra, moltar go meabhródh údaráis chustaim an Pháirtí allmhairiúcháin don Pháirtí onnmhairiúcháin roimh dheireadh an tréimhse 10 mí.

(32) Moltar go ndéanfadh údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin nach mbeadh inniúil ar fhreagra a thabhairt laistigh den sprioc-am deich mí é sin a chur in iúl dá n-údarás iarrthach roimh dhul in éag an spriocdháta, agus measúnú leis ar cá fhad eile a mhairfeadh an nós imeachta fíorúcháin agus cad é an chúis leis an moill ar an bhfreagra.

## 2.9. Fiosrúchán Comhpháirteach

(33) Foráiltear i mír 8 d'Airteagal 27 go bhféadfaidh an Páirtí allmhairiúcháin a bheith i láthair ag fíorúchán tionscnaimh atá á reáchtáil ag údaráis chustaim an Pháirtí onnmhairiúcháin agus i gcás den sórt sin, go dtagróidh an dá Pháirtí d'Airteagal 7 den Phrótacal maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach (Prótacal MAA) i gcúrsaí Custaim d'fhorghníomhú na hiarrata ar rannpháirtíocht ón bPáirtí allmhairiúcháin. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag coinníollacha Airteagal 7. Go háirithe, leagtar síos in Airteagal 7(4) den Phrótacal MAA nach féidir ach le hoifigigh údaraithe an Pháirtí allmhairiúcháin a bheith i láthair ag fiosruithe a dhéantar ar chríocha an Pháirtí onnmhairiúcháin, agus gurb é an Páirtí onnmhairiúcháin a leagann amach coinníollacha an fhiosrúcháin chomhpháirtigh.

Arna dhéanamh ag xxx, xxx 2020.

*Do Choiste Custaim AE-na Cóiré*

| | |
|---|---|
| Thar ceann an Aontais Eorpaigh | Thar ceann Phoblacht na Cóiré |
| ---------------------------------------- | ------------------------------------------ |